## RÉASÚNÚ GEARR

Is geal leis an rapóirtéir an togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Ó tugadh isteach é breis agus deich mbliana ó shin, tá athrú suntasach tagtha ar an ngeilleagar domhanda agus ar dhinimic na trádála, lena n-áirítear an méid a bhaineann le calaois agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Cé gur tugadh isteach roinnt de na gnéithe ba ghá a thabhairt cothrom le dáta chun rialú custaim leordhóthanach agus maoirseacht éifeachtach a áirithiú, moltar gnéithe eile sa dréacht-tuarascáil seo.

Is geal leis an Rapóirtéir freisin an obair a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun cabhrú le hinstitiúidí eile an Aontais agus leis na Ballstáit úsáid chistí an Aontais a bhainistiú agus a mhaoirsiú ar bhealach níos fearr, an chuntasacht phoiblí san Aontas a fheabhsú agus lucht ceaptha beartas an Aontais a choinneáil ar an eolas, lena n-áirítear maidir lena chomhrac i gcoinne na calaoise. Léirítear an méid sin i sraith de Thuarascálacha Speisialta ar shaincheisteanna a bhaineann le custam, agus in anailísí substainteacha ina thuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Ar an gcaoi sin, tugann an rapóirtéir chun cuimhne go sonrach Tuarascáil Speisialta 13/2023 maidir le hOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus Tuarascáil Speisialta 4/2021 maidir le Rialuithe Custaim, ina dtugtar tuilleadh fianaise ar na heasnaimh sna réimsí sin. Ar an gcaoi chéanna, is geal leis an Rapóirtéir Tuarascáil 2022 ón nGrúpa Saoithe maidir le hAthchóiriú Aontas Custaim an Aontais agus an Staidéar a d’iarr Coiste CONT in 2019 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ó thaobh custaim agus CBL de, inar díríodh ar chomhar idir údaráis náisiúnta chánach agus chustaim chun calaois a chosc. Is léiriú freisin é an corpas iomlán eolais sin, a pléadh go mion in CONT trí chruinnithe agus ceardlanna éagsúla, ar spéis agus saineolas an Choiste sa réimse seo.

Dírítear i ndréacht-tuarascáil an rapóirtéara go háirithe ar thrí phríomhghné: Ar an gcéad dul síos, moltar inti feabhsuithe a dhéanamh ar an gcreat measúnaithe riosca agus rialúcháin in ábhair chustaim, lena n-áirítear códú a dhéanamh ar shaincheisteanna atá iarrtha ag Parlaimint na hEorpa le fada, amhail an bhearna chustaim a ríomh. Ar an dara dul síos, moltar inti feabhsuithe a dhéanamh ar an bhfaireachán comhlíontachta agus ar nósanna imeachta gaolmhara shásra an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe, lena ndéanfaí maoirseacht a fhorbairt agus sainiú ar choincheapa doiléire amhail sáruithe tromchúiseacha nó ilsáruithe. Ar an tríú dul síos, déantar forbairt bhreise inti ar chreat rialachais na Gníomhaireachta Custaim nua agus moltar bealaí nua chun an fheidhmíocht sna nósanna imeachta custaim a thomhas.

Mar fhocal scoir, is é is aidhm do thograí an rapóirtéara na rialuithe custaim a neartú, an mhaoirseacht airgeadais a fheabhsú, an comhar a fheabhsú, agus an rialachas a nuachóiriú. Má ghlactar iad, beidh de thoradh ar na bearta sin go gcuideofar leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise, go méadófar an chuntasacht, agus go gcabhrófar le hAontas Custaim an Aontais a ullmhú do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Rialú Buiséadach ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

| | |
|---|---|
| | ***Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad aicmithe agus dathchódaithe mar a leanas:***<br>***– 'glas' le haghaidh 'lastas nach bhfuil i mbaol' mar a shainmhínítear in Airteagal 5(64a nua);***<br>***– 'buí' le haghaidh 'lastas atá i mbaol a bhfuil measúnú le déanamh air sula scaoilfear isteach sa mhargadh inmheánach é', mar a shainmhínítear in Airteagal 5(64b nua);***<br>***– 'dearg' le haghaidh 'lastas neamhchomhlíontach' a dhiúltófar é a bhailiú ag an áit tionscnaimh mar a shainmhínítear in Airteagal 5(64c nua).***<br>***Leagfar síos i ngníomh cur chun feidhme mionsonraí an chórais dathchódaithe a úsáidtear.***<br>***(iii) sraith moltaí a thíolacadh ar bhonn bliantúil chun éascú custaim a fheabhsú agus chun leibhéal cóir agus cothrom dliteanais a áirithiú do thrádálaithe iontaofa.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tomhas feidhmíochta a dhéanamh don aontas custaim, agus tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim, i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1; | (b) tomhas feidhmíochta a dhéanamh don aontas custaim, agus tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim, i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1; ***cuirtear de chúram air freisin, go háirithe, feidhmíocht chuspóirí an chláir AEO a thomhas;*** |

*Réasúnú*

*Fuarthas amach nach ndearnadh tomhas leordhóthanach ar fheidhmíocht an chláir AEO san am a chuaigh thart. I dtaca leis sin, ní mór tuairisciú éigeantach sonraí a bhunú.*

*Réasúnú*

*Ba ghá meastóireacht a dhéanamh ar an rogha bheartais atá ann na riaracháin náisiúnta chustaim a chomhtháthú in aon seirbhís amháin de chuid an Aontais i bhfianaise an mheasúnaithe ar Chód nua Custaim an Aontais agus ar an ngníomhaireacht atá beartaithe.*

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 236 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tá feidhm freisin ag dliteanas an Údaráis a léirítear i mír 3 maidir le damáistí a eascraíonn as riar sonraí a chuirtear sa bhunachar sonraí lárnach agus a mhalartaítear - tríd an mbunachar sonraí nó ag an Údarás - le heintitis eile;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 237 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Na costais uile a thabhóidh Ballstát agus na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 á n-áirithiú aige, tiocfaidh siad faoi bhuiséad an Údaráis agus maoineofar iad ó bhuiséad an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 225, mír 3, pointe c.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 238 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Bunaíodh*** Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ***ó 2026 ar aghaidh agus*** beidh sé ag feidhmiú go hiomlán ***faoi*** | 1. Tiocfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun bheith lánoibríochtúil ***dhá bhliain tar éis theacht*** |

